C/2024/7081

21.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11539 – LIBERTY MEDIA / DORNA SPORTS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7081)

1. An 14 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Liberty Media Corporation ('Liberty Media', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Dorna Sports, S.L. ('Dorna Sports', an Spáinn), atá faoi rialú Bridgepoint Group plc (an Ríocht Aontaithe) agus Bord Infheistíochta Phleananna Pinsin Cheanada (Ceanada).

Gheobhaidh Liberty Media urlámhas aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Dorna Sports ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá leasanna ag Liberty Media i raon leathan gnólachtaí meán, spóirt agus siamsaíochta, lena n-áirítear Foirmle 1.

— Is é Dorna Sports eagraí agus sealbhóir eisiach ceart tráchtála agus teilifíse Grand Prix Chraobhchomórtas Domhanda FIM (ar a dtugtar 'MotoGP' freisin) ó 1992 i leith agus tá sé gníomhach i mbainistíocht spóirt, margaíocht agus sna meáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11539 – LIBERTY MEDIA / DORNA SPORTS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').